An Coimisiún Eorpach

# **Melina Mercouri:** Aisteoir, polaiteoir, agus glór an chultúir (1920-1994)


© The Melina Mercouri Foundation

*Cuma céard a bhí á dhéanamh aici, bhí díocas agus paisean ag roinnt le hobair an aisteora agus an pholaiteora Ghréagaigh Melina Mercouri riamh; an chomaoin a chuir sí ar an stáitse agus ar an scáileán nuair a bhí sí óg, an uair a chuir sí in aghaidh an junta faisisteach a rug smacht ar an nGréig in 1967, agus an uair a thug sí faoi fheachtas i gcomhair chosaint agus chur chun cinn an chultúir ina polaiteoir di.*

*Is aisteoir mór le rá de chuid na hamharclainne sa Ghréig a bhí i Mercouri sular bhain sí cáil mhór idirnáisiúnta amach sa scannán "Never on a Sunday" nuair a bronnadh gradam uirthi as ucht a cuid aisteoireachta. Aimsir an coup d'état sa Ghréig in 1967, rinne sí a cuid féin den pholaitíocht, agus chaith sí blianta an ama a tháinig ina dhiaidh sin ag feachtasaíocht ar fud an domhain le deireadh a chur le junta na gcoirnéal. Nuair a cuireadh an daonlathas i réim arís in 1974, d'fhill Mercouri ar an dúchas le dul i mbun polaitíochta í féin. Ina dhiaidh sin, ba ise an tAire Cultúir ab fhaide téarma oifige i stair na Gréige, is iomaí bláth a tháinig ar a craobh agus í gníomhach ar son chultúr na Gréige agus na hEorpa, agus thar aon ní is fiú a lua gurbh ise a bhunaigh an togra Príomhchathair Chultúir na hEorpa.*

Is ar an 18 Deireadh Fómhair 1920 a tháinig Maria Amalia 'Melina' Mercouri ar an saol. Bhí ardmheas ar a muintir i gcathair na hAithine, bhí a seanathair Spryos Mercouris ina mhéara ar an Aithin lena linn, ba aire rialtais de chuid pháirtí an Ενιαία Δημοκρατική Αριστερά (Daonlathaigh Aontaithe na hEite Clé) a hathair, agus ba chosúil go raibh i ndán di féin bóthar na polaitíochta a shiúl. Is amhlaidh a bhí, ach d'imigh dhá scór bliain sula raibh lámh mhór aici sa pholaitíocht, an uair a bhí sí ina ceannaire ar an gcomhrac in aghaidh junta na gcoirnéal a rug smacht ar an nGréig in 1967 tar éis coup míleata.

Sular tháinig Melina chun follais i saol na polaitíochta, bhí sí ar dhuine de na haisteoirí ba mhó cáil sa Ghréig. Bliain tar éis di céim a bhaint amach sa scoil drámaíochta in 1944, thóg sí páirt Electra uirthi féin sa léiriú ar *Mourning Becomes Electra* le Eugene O'Neill in Amharclann Náisiúnta na Gréige. Is sa léiriú ar *A Streetcar Named Desire* le Tennessee Williams in 1949 i ról Blanche Dubois a bhain sí cáil mhór amach di féin an chéad uair. Is gairid ina dhiaidh sin a thug Mercouri aghaidh ar Pháras, agus is ansiúd a chaith sí a saol agus a chleacht sí an aisteoireacht go dtí gur fhill sí ar an nGréig in 1955. Le linn na tréimhse ar ghlac sí páirt i ndrámaí clasaiceacha, *Macbeth* le Shakespeare agus *L'Alouette* le hAnouilh mar shampla, chuaigh sí isteach i gceardchumann na n-aisteoirí, agus sin mar a chuir sí tús lena haistear polaitíochta.

Is i ndeireadh na 1950í a tháinig an ráchairt mhór uirthi sna scannáin, agus is i ról Ilia in *Never on a Sunday* a tugadh ardmholadh di go hidirnáisiúnta, scannán a ainmníodh do ghradam Oscar, nó gur uirthi a bronnadh gradam an Aisteora Mhná ab Fhearr ag féile Cannes in 1960. In 1967, ghlac sí an ról sin chuici féin arís sa leagan stáitse den scannán sin ar Broadway. Is ar an 21 Aibreán le linn na tréimhse amharclainne sin i Nua Eabhrac a chuir baicle d'oifigigh airm ón eite dheis an Ghréig faoi smacht sa coup d'état, baicle arbh é an Briogáidire-Ghinearál Stylianos Pattakos a bhí i gceannas uirthi, eisean agus an Coirnéal George Papadopoulos agus an Coirnéal Nikolaos Makarezos. Ní fada go raibh Mercouri ar dhuine de na ceannairí ba ghlóraí i measc na nGréagach san iasacht a bhí ag iarraidh an junta

a chur de dhroim seoil, agus rinne an Ginearál Pattakos saoránacht na Gréige a bhaint di dá dheasca sin. Tá cáil ar an bhfreagra a thug sí air: *"Is i mo Ghréagach a rugadh mise, agus is i mo Ghréagach a chaillfear mé. Is faisisteach a bhí in Pattakos an lá ar rugadh é, agus is faisisteach a bheidh ann lá a bháis".*

Bhí an junta i réim ar feadh 7 mbliana, agus le linn an ama sin shiúil Melina tíortha go leor san fheachtas in aghaidh na deachtóireachta le cás na Gréige a chur ar a súile don saol, agus é de ghairm aici tacaíocht a bhaint de na coirnéil agus deireadh a chur lena riail. Ó tharla chomh glórach sin i mbun freasúra di, féachadh lena feallmharú in Genoa na hIodáile, ach níor leor sin le lagmhisneach a chur ar Mercouri, agus lean sí den fheachtas go dtí gur cloíodh an junta in 1974.

Nuair a bhí an daonlathas i réim athuair, d'fhill Mercouri ar an nGréig, bhí lámh aici i mbunú Pháirtí Sóisialta na Gréige (PASOK), agus bhí sí an-ghníomhach i ngluaiseacht na mban sa tír. Ceapadh í ina ball de Choiste Lárnach an pháirtí agus nuair a toghadh í i bParlaimint na Gréige in 1977, is dise a caitheadh an líon ab airde vótaí sa tír ar fad. Tar éis an bhua sin, rinne sí a seacht ndícheall i réimse na polaitíochta agus an chultúir.

In 1981, bhí bua ag a páirtí féin sna toghcháin, ceapadh Mercouri ina hAire Cultúir, post a bhí aici go ceann 8 mbliana, agus is le linn an ama sin a chuir sí cúrsaí cultúir i gcroílár an dioscúrsa i saol na polaitíochta sa Ghréig. An méid a chuir sí i gcrích le linn di a bheith ina hAire Cultúir, chuir sé claochlú ar an tír ar fad: ceanglaíodh suíomhanna seandálaíochta na Gréige le limistéar a bhí saor ó thrácht na ngluaisteán, agus socraíodh go mbeadh cead isteach saor in aisce sna hiarsmalanna agus sna suíomhanna seandálaíochta ag saoránaigh na Gréige, rud a bhí ina chuid de phlean ginearálta oideachais. Is ise a chuir tús le feachtas le dealbha cloiche an Phartanóin a bhí ar taispeáint i Músaem na Breataine a thabhairt ar ais chun na Gréige, agus, ní nach ionadh, rinne sí a cion ar son amharclannaíocht agus scannánaíocht na Gréige.

Is beag rud a rinne sí ba mhó tábhacht ná togra 'Príomhchathracha Cultúir na hEorpa' a bhunú, agus in 1985 is í an Aithin an chéad phríomhchathair a roghnaíodh. Tharla sin de thoradh ar chruinniú a d'eagraigh sí le hAirí Cultúir na ndeich mBallstát AE in 1983 le linn na chéad tréimhse uachtaránachta a bhí ag an nGréig. Chuir sí ar a súile dóibh nach raibh tagairt ar bith do chúrsaí cultúir i gConradh na Róimhe faoinar bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (réamhtheachtaí an Aontais Eorpaigh), agus ghríosaigh sí iad le cur leis an dícheall a bhí sí féin a dhéanamh leis an bhfeasacht i leith an chultúir a mhéadú ar fud na hEorpa. Sin é an chéad chruinniú den chineál sin a bhí ag Airí Cultúir na hEorpa lena chéile, agus ó shin i leith bíonn cruinnithe den chineál céanna acu go rialta.

In 1988, le linn na dara tréimhse uachtaránachta a bhí ag an nGréig ar an gComhairle, ba dhoimhne fós lorg agus tionchar Mercouri ar an Eoraip, mar nuair a bhí oirthear na hEorpa ina chíor thuathail, thosaigh sí feachtas le caidreamh agus comhar oibre a chur chun cinn le tíortha an réigiúin sin. De réir mar a bhí deireadh ag teacht leis an gCogadh Fuar, agus an Cuirtín Iarainn á bhrú go leataobh, bhí Mercouri ar thús cadhnaíochta sa togra 'Mí an Chultúir san Eoraip', togra a cuireadh faoi sheol in 1990, agus fócas ar leith ann ar thíortha lár na hEorpa agus oirthear na hEorpa.

I dtús na 1990í, le linn di a bheith ina teachta parlaiminte fós, lean Mercouri uirthi ag aisteoireacht ar an stáitse. Nuair a tháinig PASOK i gcumhacht athuair in 1993, d'fhill Mercouri ar Aireacht an Chultúir, áit ar dhírigh sí ar bhunú na nasc idir an cultúr agus an t-oideachas ar gach uile leibhéal.

Is ar an 6 Márta 1994 a fuair Melina Mercouri bás. Mhair a fear ina diaidh, is é sin an léiritheoir scannán Jules Dassin, duine a mbíodh sí ag obair in éineacht leis go rialta le linn bhlianta a cuid aisteoireachta.